

# Gníomhaíocht Daltaí 3a



Tá táblaí ar an gcéad leathanach eile den doiciméad seo i gcás gach feidhme thíos do  $x \in \{-2, -1, 0, 1, 2, 3, 4, 5, 6\}$ .

Céard a thugann tú faoi deara i gcás na dtáblaí sin uile?

Breac na pointí i gcás gach feidhm ar leith, ar na haiseanna céanna agus leis an scála céanna, agus ceangail na pointí chun gach cuar ar leith a dhéanamh.


Iltéarmach san fhoirm $f(x) = ax^2 + bx + c$ $f(x) = (x+r)(x+s)$ $f(x) = (x+h)^2 + k$	Abair cén cruth atá ar an ngraf, agus má osclaíonn sé suas nó síos	x-idirlínte (an modh ailgéabrach agus ón ngraf)	y-idirlíne (an modh ailgéabrach agus ón ngraf)	Uasphointe / íosphointe mar ordphéire, agus an lipéad uas. nó íos. leis	Fréamh (acha) réadacha $f(x)=0$	Cothromóid Ais na Siméadrachta	f (2.7)	Réitigh $f(x) = 8$	Cé na x-luachanna a thugann $f(x)$ deimhneach? i.e. $f(x) > 0$ ?	Cé na x-luachanna a thugann $f(x)$ diúltach? i.e. $f(x) < 0$ ?	Cé na x-luachanna a thugann $f(x)$ atá ag méadú?	Cé na x-luachanna a thugann $f(x)$ atá ag laghdú?
$y = x^2 - 4x - 5$												
$y = (x-5)(x+1)$												
$y = (x-2)^2 - 9$												

1. Céard a thugann tú faoi deara maidir leis na graif uile sa ghníomhaíocht seo agus maidir le gach ceann de na trí fheidhm atá breactha agat?
2. Cé na míreanna eolais faoin ngraf atá tú in ann a léamh ar an gcothromóid  $y = x^2 - 4x - 5$  sula mbreacann tú graf na cothromóide?
3. Cé na míreanna breise eolais faoin ngraf atá tú in ann a oibriú amach ón leagan fachtóirithe  $y = (x-5)(x+1)$ ?
4. Céard iad fréamhacha  $y = (x-5)(x+1)$ ?
5. Céard iad fréamhacha  $y = (x+r)(x+s)$
6. Cén mhír bhreise eolais atá agat faoin ngraf nuair atá  $f(x)$  san fhoirm  $y = (x-2)^2 - 9$ ?
7. Cén cuidiú iad na x-idirlínte (na fréamhacha) nuair atá ais na siméadrachta uait?

# Gníomhaíocht Deltaí 3a



Breac na pointí agus tarraing an graf i gcás gach feidhm ar leith sna táblaí ar an leathanach seo.



$x$	$y = x^2 - 4x - 5$	$(x, y)$
$x$	$y = (x-5)(x+1)$	$(x, y)$
$x$	$y = (x-2)^2 - 9$	$(x, y)$